Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2021/2169(INI)

8.11.2022

DRÉACHT-TUAIRIM

maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gComhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme agus ionchais don am atá le teacht
(2021/2169(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Gabriel Mato

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 9

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gComhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme agus ionchais don am atá le teacht
(2021/2169(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 3, 4, 5, 11, 38, 39, 43 agus 349,

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI)[1],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don thuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2022),

A. de bhrí, ós rud é go bhfuil a tuairimí curtha in iúl cheana ag Parlaimint na hEorpa maidir le roinnt gnéithe sonracha de CBI, gurb iomchuí díriú go príomha anseo feasta ar chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus ar bhainistiú iascaigh faoi CBI;

Cuspóirí ginearálta CFP

1. á mheabhrú nach mór a áirithiú le CBI go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go ndéanfar iad a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus rannchuideoidh le hinfhaighteacht soláthairtí bia;

2. á chur in iúl gur oth léi, ó 2014 i leith, gur díríodh cur chun feidhme CBI go príomha ar ghné chomhshaoil an bheartais sin, mar réamhriachtanas do ghnéithe socheacnamaíocha agus slándála bia agus chun aimhleasa do na gnéithe sin; á mheas go ndeachaidh na tionchair dhiúltacha ar an earnáil iascaireachta in olcas ó tháinig Brexit agus paindéim COVID-19 ar an saol, agus go bhfuil na tionchair dhiúltacha sin ag méadú go fóill agus go bhfuil siad neamh-inbhuanaithe mar gheall ar ar thit amach le déanaí ó thaobh na geopholaitíochta idirnáisiúnta de;

3. á chur i bhfios go láidir, go ginearálta, gur lú lorg carbóin an bhia mara ná lorg carbóin an bhia ar talamh, rud ar léiriú é ar luach straitéiseach an bhia mara i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

4. á mheas gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an athchóiriú ar CBI cothromaíocht a bhaint amach idir a chuspóirí; ag tacú, dá bhrí sin, le gnéithe socheacnamaíocha agus

[1] OJ L 354, 28.12.2013, p. 22.

slándála bia CBI a neartú agus le machaire comhréidh a bhaint amach ina ghné idirnáisiúnta;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún, chuige sin, measúnuithe tionchair iomlána *ex ante* agus *ex post* a dhéanamh go córasach, lena n-áirítear anailísí socheacnamaíocha, sula molfar aon straitéis nó reachtaíocht nó sula ndéanfar aon chinntí beartais;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle, agus beartais á gceapadh, béim níos mó a chur ar thábhacht an iascaigh maidir le rannchuidiú le soláthairtí bia;

7. á chur i bhfáth go bhfuil ról straitéiseach ag iascairí sa slabhra luacha bia agus sa tslándáil bia;

Uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY)

8. á mheas gur spreagadh feabhas a chur ar staid fhoriomlán na stoc éisc nuair a tugadh isteach MSY mar phointe tagartha bainistithe iascaigh; á mheas, áfach, gur cheart cuspóir MSY a chur chun feidhme i bhfianaise na réaltachta praiticiúla agus i bhfianaise na ngnéithe socheacnamaíocha, comhréireachta agus slándála bia a chumhdaítear sa Chonradh agus i gcód iompair na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (EBT);

9. á mheabhrú, i ndáil leis sin, go raibh forbairt tagtha cheana féin ar sprioc MSY ‘do gach stoc faoi 2020’ sna rialacháin maidir le pleananna ilbhliantúla réigiúnacha a glacadh tar éis 2013;

10. á mheas, dá bhrí sin, gur cheart cuspóir MSY i Rialachán (AE) 1380/2013 (bun-Rialachán CBI) a oiriúnú dá réir;

An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus gabhálacha dosheachanta a laghdú

11. ag athdhearbhú na dtuairimí a cuireadh in iúl i rún uaithi an 18 Bealtaine 2021 maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír[2]; á mheabhrú nach ndéantar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, a tugadh isteach mar aistriú paraidíme bunúsach i mbainistiú iascaigh, a chur chun feidhme i gceart; á thabhairt chun suntais arís nach sprioc inti féin í an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, ach uirlis chun gabhálacha dosheachanta a íoslaghdú, agus nach mór measúnú a dhéanamh ar thionchar socheacnamaíoch na hoibleagáide sin;

12. á mheas thairis sin:

– gur cheart an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur i bhfeidhm ar bhealach solúbtha, agus saintréithe gach iascaigh á gcur san áireamh;

– gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír chun na fadhbanna a bhaineann le tachtspeicis agus maoluithe casta a theorannú;

– gur cheart an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a dhéanamh níos tarraingtí, go

[2] IO C 15, 12.1.2022, lch. 9.

háirithe trí dhreasachtaí, chun úinéireacht ag oibreoirí a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, comhlíonadh a fheabhsú;

13. á áitiú gur cheart an cuspóir a bhaint amach maidir le gabhálacha dosheachanta a íoslaghdú go príomha trí bhearta teicniúla a úsáid agus gur cheart tacú leis trí ghabhálacha a dhoiciméadú ar bhealach níos fearr; á iarraidh ar an gCoimisiún roghanna malartacha eile ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a mholadh do na comhreachtóirí;

Bearta caomhnaithe

Deiseanna iascaireachta

14. á mheabhrú gurb iad gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) agus cuótaí an bealach is dírí chun básmhaireacht iascaireachta a bhainistiú, ach gur féidir fadhbanna a bheith ag gabháil le TACanna aonstoic in iascaigh mheasctha (mar gheall ar thachtadh iascaigh);

15. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle TACanna a shocrú do na príomh-spriocstoic amháin;

16. á chur i bhfios go láidir go nglactar go forleathan leis an gcobhsaíocht choibhneasta, a bunaíodh ceithre scór bliain ó shin, mar ionstraim bhunriachtanach chun intuarthacht fhadtéarmach agus leanúnachas a thabhairt maidir le stoic éisc a chomhroinnt idir tíortha; á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil méadú suntasach tagtha le himeacht ama ar an mbearna idir leithdháiltí cuótaí náisiúnta agus leasanna iarbhír chabhlaigh iascaireachta na mBallstát agus gur measa fós atá an cás mar gheall ar Brexit; á chur i bhfáth freisin go bhfuil tionchar suntasach ag an athrú aeráide ar dháileadh stoc éisc;

17. á chreidiúint, dá bhrí sin, gur gá an chobhsaíocht choibhneasta reatha a choigeartú, agus príomhbhunús an phrionsabail sin á gcaomhnú ag an am céanna; chuige sin, á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú cuimsitheach a chur ar fáil ar an gcobhsaíocht choibhneasta atá ann faoi láthair agus ar chásanna féideartha le haghaidh oiriúnú;

Bainistiú cabhlaigh

18. á iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh go ndéanfaí an beartas struchtúrach a oiriúnú chun dícharbónú thionscal na hiascaireachta a éascú agus chun sábháilteacht agus dálaí oibre a fheabhsú, go háirithe tríd an olltonnáiste atá ar fáil laistigh d'uasteorainneacha náisiúnta acmhainneachta a úsáid go hiomlán agus an tonnáiste 'sóisialta agus sábháilteachta' a eisiamh ó ríomh na hacmhainne iascaireachta;

Pleananna ilbhliantúla réigiúnacha

19. á aithint go bhfuil ról ríthábhachtach ag pleananna ilbhliantúla (MAPanna) mar phríomhchreataí do bhainistiú réigiúnach iascaigh;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh solúbthachta sna pleananna sin a mholadh ionas go gcuirfear gnéithe socheacnamaíocha agus dálaí athraitheacha san áireamh iontu;

21. á chur i bhfáth gur gá cur chun feidhme an chur chuige éiceachórais ar an leibhéal réigiúnach a fheabhsú agus gur gá bearta comhsheasmhacha bainistithe iascaigh a dhéanamh maidir le stoic atá i níos mó na aon réigiún amháin agus a chumhdaítear le roinnt pleananna gníomhaíochta ilbhliantúla;

Rialachas

Eagrú laistigh den Choimisiún

22. á mholadh go láidir, i bhfianaise thábhacht straitéiseach an iascaigh mar fhoinse bia shláintiúil agus ardcháilíochta, go ndéanfaí an t-aitheantas atá tuillte aige a thabhairt don bheartas sin laistigh den Choimisiún agus go mbeadh líon leordhóthanach saineolaithe iascaigh ag seirbhísí an Choimisiúin atá freagrach;

Réigiúnú agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí

23. á mholadh do na Ballstáit an uirlis um chomhar réigiúnach a úsáid go forleathan i gcomhréir le hAirteagal 18 de Bhunrialachán CBI;

24. á chur i bhfáth go bhfuil ról bunúsach ag Comhairlí Comhairleacha (CCanna) le haghaidh comhairliúcháin le geallsealbhóirí;

25. ag tacú le comhdhéanamh reatha na CCanna, a bhfuil oibreoirí socheacnamaíocha ina dtriomlach iontu i gcomparáid le grúpaí sainleasa eile;

26. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé ról a thabhairt do na CCanna in hobair Pharlaimint na hEorpa;

27. á chur in iúl gur saoth léi an t-easnamh faireacháin agus trédhearcachta maidir leis an gcaoi a gcuirtear comhairle an CC san áireamh sa chinnteoireacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a bheith rannpháirteach go córasach agus go gníomhach i gcruinnithe an CC agus cumarsáid níos fearr a dhéanamh maidir le luach a gcomhairle;

28. á mheas nach mór comhbhainistíocht leis na CCanna a fhorbairt chun cur chuige ón mbun aníos a chothú;

Cinntí bunaithe ar mheasúnuithe eolaíochta agus tionchair

29. á iarraidh ar an gCoimisiún a thionscnaimh pholaitiúla agus reachtacha uile (lena n-áirítear gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos srianta ar iascaigh) a bhunú ar chomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch (lena n-áirítear taithí iascairí) agus ar mheasúnuithe tionchair roimh ré;

30. á mheas gur cheart an deis a thabhairt do na CCanna rannchuidiú le hiarrataí an Choimisiúin ar chomhairle ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) chun comhar níos dlúithe a chothú idir eolaithe agus geallsealbhóirí;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go córasach faoi na hiarrataí sin;

Iascaigh a chomhtháthú i gcomhthéacs beartais níos leithne

32. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go dtabharfar an tábhachtach is cóir don iascach agus don dobharshaothrú i gcomparáid le hearnálacha eile i ndearadh beartais agus i bpleanáil spásúlachta;

33. á mheabhrú nach mór ceanglais cosanta comhshaoil a chomhtháthú in CBI d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcomhréir le CFAE;

34. á chur i bhfios go láidir nach mór an beartas iascaigh agus an beartas comhshaoil a ailíniú, ach nach féidir forlámhas a bheith ag cuspóirí comhshaoil ar chuspóirí CBI;

Gné sheachtrach CBI

35. á iarraidh ar an gCoimisiún CBI a chur chun cinn mar shamhail bheartais do rialachas na n-aigéan agus leasanna earnáil iascaireachta AE a chosaint in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh agus i gComhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe, agus ar bhonn níos ginearálta i bhfóraim idirnáisiúnta;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar cuspóirí CBI a chomhtháthú go hiomlán i seasamh AE i ngach fóram idirnáisiúnta comhshaoil, amhail an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) nó an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES), ina bpléitear ceisteanna a bhaineann le hacmhainní bitheolaíochta na mara;

37. á mheas nach mór táirgí bia mara allmhairithe a bheith faoi réir ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta, cosúil leo sin a chuirtear i bhfeidhm in AE;

Na réigiúin is forimeallaí

38. á mheas nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach le CBI ar riachtanais shonracha na réigiún is forimeallaí;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún clár roghanna a mholadh a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus oileánachas (POSEI) d'iascach agus dobharshaothrú, cosúil leo sin na talmhaíochta;

40. á chur i bhfáth go bhfuil tacaíocht AE agus náisiúnta d'athnuachan na gcabhlach ar mionscála ríthábhachtach do na réigiúin sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, a threoirlínte maidir leis an anailís ar an gcothromaíocht idir acmhainneacht iascaireachta agus deiseanna iascaireachta (COM(2014)0545) a oiriúnú do saintréithe na réigiún is forimeallaí;

41. á áitiú gur gá tacú le modhanna iascaireachta roghnaíocha, amhail feistí comhthiomsaithe éis ar ancaire arna n-úsáid ag cabhlaigh ar mionscála sna réigiúin is forimeallaí;

42. á chur i bhfáth gur gá na hacmhainní is gá a sholáthar chun feabhas a chur ar an eolas eolaíoch ar na limistéir eacnamaíocha eisiacha sna réigiúin is forimeallaí;

Athrú aeráide

43. á chur i bhfáth go bhfuil maolú agus oiriúnú ríthábhachtach in CBI chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide;

44. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le héiceachórais níos athléimní agus le hearnálacha iascaireachta eacnamaíocha níos athléimní;

45. á mholadh don Choimisiúin agus do na Ballstáit acmhainní daonna agus airgeadais a mhéadú don eolaíocht iascaigh a bhaineann leis an athrú aeráide;

46. á iarraidh ar an gCoimisiún uirlisí agus deiseanna cistiúcháin a dhearadh do na hearnálacha a ndéanann an t-athrú aeráide difear dóibh;

°

° °

47. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

In 2009, d'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Uaine, ina raibh fís maidir leis an gcuma ba cheart a bheith ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI) amach anseo. Chuir sé sin tús leis an díospóireacht le haghaidh athchóiriú, a glacadh in 2013.

Tá an Coimisiún reatha le tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú CBI faoin 31 Nollaig 2022. Ba cheart dó meastóireacht a dhéanamh ar an gComhbheartas Iascaigh faoi 2022 chun a shainaithint conas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna nach gcumhdaítear go leordhóthanach sa bheartas reatha, amhail an ghné shóisialta, oiriúnú don athrú aeráide agus aigéin ghlana, agus machnamh a dhéanamh ar an bhforbairt a dhéanfar air amach anseo.

Tá sé mar aidhm leis an dréacht-tuarascáil seo treoir pholaitiúil a chur ar fáil maidir le haon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar CBI. Fiú mura dtugtar na freagraí go léir inti, cuirtear roinnt ceisteanna inti maidir le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh reatha, maidir lena bhfuil cuspóirí agus uirlisí reatha an Chomhbheartais Iascaigh fós ábhartha chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus leo siúd a bheidh ann amach anseo agus i dtaobh ar cheart gnéithe áirithe a athchóiriú, a athbhreithniú, a oiriúnú nó a fheabhsú.

Bhí dearcadh sláintiúil criticiúil ag an gCoimisiún i gcónaí i leith an bheartais, agus is é sin is mó i gcónaí a spreag an t-athrú beartais. Ba cheart don Choimisiún leanúint d'fheabhsú beartais a chur chun cinn nuair is gá agus sa chás inar gá.

I ngeall ar na srianta a bhaineann le fad na tuarascála, níorbh fhéidir déileáil le gach gné aonair de CBI a chumhdaítear faoi bhunrialachán CBI (AE) 1380/2013. Bhí rogha le déanamh.

Dá bhrí sin, dírítear sa tuarascáil go príomha ar chaomhnú stoc éisc agus ar bhainistiú iascaigh, ag cur freisin le tuarascálacha sonracha a glacadh cheana le blianta beaga anuas maidir le saincheisteanna amhail Uastáirgeacht Inbhuanaithe, an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, cur chun feidhme Airteagal 17 de CBI nó 'Iascairí amach anseo'. Ní dhéantar bearta teicniúla a fhorbairt, áfach, mar gheall ar an gcreat reachtach atá ann a bheith measartha nua.

Ní chumhdaítear sa tuarascáil dobharshaothrú (a bhfuil rún sonrach ina leith díreach tar éis teacht ó Pharlaimint na hEorpa) ná margaíocht agus próiseáil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe (faoi chuimsiú rialacháin shonraigh arna ghlacadh i gcomhthráth leis an mBunrialachán). Ní thugtar aghaidh inti ar cheachtar de na príomhghnéithe eile, amhail colún struchtúrach CBI (faoi rialachán FEAMP), rialú (faoi chaibidlíocht idirinstitiúideach faoi láthair) ná éifeachtaí Brexit ar iascaigh an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh (a ndéileáiltear leis freisin i rún le déanaí).

Seasamh an Rapóirtéara

Gan bearta sonracha a chur isteach nach mór athbhreithniú a dhéanamh orthu, ní mór aistriú paraidíme a dhéanamh le CBI a bheidh ann amach anseo ó spriocanna dochta agus

neamhréadúla go cuspóirí pragmatacha agus indéanta.

Le deich mbliana anuas (2010-2020), tá athrú radacach tagtha, ó easpa iomlán cuspóirí atá sainithe go soiléir maidir le bainistiú iascaigh go spriocanna dochta ‘polaitiúla a leagadh síos go tapa in 2013 (bliain an athchóirithe deireanach ar CBI), agus a fhios againn nach raibh na freagraí go léir ag aon duine ag an am sin ar na ceisteanna maidir lena n-éifeachtaí agus a gcur chun feidhme praiticiúil agus maidir le cé acu, i bhfianaise gach ar tharla, an raibh nó nach raibh siad in ann torthaí a bhaint amach. Is é an fhadhb atá ann go fóill sa lá atá inniu ann, ní hé hamháin nach ndearnadh na spriocanna a comhaontaíodh siar in 2013 a bhaint amach laistigh de na spriocdhátaí a leagadh síos dóibh, ach gur léir dúinn nach féidir roinnt acu a bhaint amach ar chor ar bith agus go bhfuil cinn eile ann atá an-deacair a chur i bhfeidhm.

Aithníonn eolaithe go bhfuil sé beagnach dodhéanta na stoic éisc go léir a bheith in éiceachóras muirí a shaothraítear ag Uastáirgeacht Inbhuanaithe (MSY), rud atá leagtha síos againn mar sprioc faoi 2020. Ní féidir gach stoc, go háirithe in iascach ina ngabhtar speicis éagsúla, a iascach ar leibhéil UTI ag an am céanna. Chomh maith leis sin, cé go bhfuil cuma shimplí uirthi mar choincheap, gabhann deacrachtaí ollmhóra fós sa lá atá inniu ann leis an sprioc an oibleagáid a chur chun feidhme faoi 2019 maidir le gach gabháil a thabhairt i dtír. Ba cheart coincheap an MSY a chur chun feidhme i bhfianaise na réaltachta praiticiúla agus i bhfianaise na ngnéithe socheacnamaíocha, comhréireachta agus slándála bia.

Is é an toradh atá air sin go bhfuil mímhuinín ag iascairí i leith polaiteoirí, toisc go bhfuil bearta a glacadh mí-oiriúnach agus toisc nach bhfuil bunús láidir eolaíoch leo, go bhfuil mímhuinín sa tsochaí, a mheasann nár chuir an tAontas i gcrích an méid a comhaontaíodh, ach freisin fearg i leith iascairí toisc go meastar nach gcomhlíonann siad an dlí.

Tá amhras ar chreidiúnacht an Aontais. Tá gá le cuspóirí réadúla agus indéanta. Ní mór cás na n-iascairí a chur san áireamh. Sa Chomhbheartas Iascaigh a bheidh ann amach anseo, ní mór íomhá shlí bheatha uasal dheacair na n-iascairí – go háirithe iascairí an Aontais – a chuireann bia sláintiúil, ardcháilíochta agus inbhuanaithe ar fáil do thomhaltóirí, ní mór an íomhá sin a athbhunú agus a chur chun cinn.

Tá spriocanna reatha CBI dírithe an iomarca ar chúrsaí comhshaoil. Cé nach bhfuil aon amhras gur *conditio sine qua non* iad stoic shláintiúla iascaireachta agus cosaint na bithéagsúlachta d’earnáil iascaireachta atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de, níor cheart dearmad a dhéanamh de nach é an t-aon cuspóir atá ag CBI acmhainní iascaigh níos flúirseach a bheith ann, nó níos lú acmhainní iascaigh atá róshaothraithe, ach gur cuspóir dó freisin – nó go príomha – uasleibhéil inbhuanaithe táirgthe bia mara a bhaint amach, chun slándáil bia a áirithiú agus tairbhí dearfacha sóisialta agus eacnamaíocha a thabhairt d’iascairí agus do phobail chósta. Mar sin, ní mór an beartas iascaigh agus an beartas comhshaoil a ailíniú, ach ní féidir forlámhas a bheith ag cuspóirí comhshaoil ar chuspóirí CBI;

Is é is bunús do bheartas rathúil a bhaint amach ná dea-rialachas, luathchomhairliúchán agus rannpháirtíocht éifeachtach na ngeallsealbhóirí sa phróiseas cinnteoireachta.

Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach machaire comhréidh a áirithiú le cabhlaigh eachtracha áirithe a bhfuil caighdeáin ísle shóisialta agus chomhshaoil acu a théann i mbun iascaireachta sna criosanna céanna le hoibreoirí AE agus a dtáirgí a thráchtálú ar mhargadh an Aontais ar mhaithe le hiomaíochas chabhlaigh agus tháirgeoirí dobharshaothraithe an Aontais.

Ag an am céanna, ní mór dúinn a áirithiú go gcosnaíonn an tAontas leasanna a earnálacha iascaireachta ar an leibhéal domhanda i gcomhthéacs a ghníomhaíochta maidir le rialachas na n-aigéan. Tá cosaint agus cur chun cinn shamhail inbhuanaitheachta an Aontais lán-chomhoiriúnach le cosaint leasanna earnálacha an Aontais agus ba cheart an dá rud a bheith fite fuaite le chéile.

Is gníomhaithe straitéiseacha iad earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais agus slabhra luacha iomlán an bhia mara, mar gheall ar an ról don tsochaí atá acu maidir le bia sláintiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thomhaltóirí. Ní mór dúinn an áit atá tuillte acu a thabhairt dóibh agus tosaíocht a thabhairt dóibh ar bhonn níos ginearálta i gclár oibre polaitiúil an Aontais.

Ar deireadh, tá srianta sonracha ar na réigiúin is forimeallaí, agus riachtanais shonracha acu, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 349 CFAE. Ba cheart do CBI a saintréithe agus a riachtanais shonracha a chur san áireamh agus oiriúnú dóibh.